# 10. Tráth na gceist

Tá freagraí ar chuid de na ceisteanna seo le fáil sna haonaid ach is eolas ginearálta atá i gceist leis an gcuid is mó díobh.

1. Céard é an contae is mó in Éirinn?
2. Céard é an contae is lú in Éirinn?
3. Céard é an sliabh is airde in Éirinn?
4. Céard é an loch is mó in Éirinn?
5. Céard í an abhainn is faide in Éirinn?
6. Céard is ainm don eas is airde in Éirinn?
7. Cén contae ina bhfuil an t-eas is airde in Éirinn suite?
8. Céard é an dara loch is mó in Éirinn?
9. Céard í an chathair is mó i dtuaisceart Éireann?
10. Cén contae ina bhfuil Gaeltacht na Rinne?
11. Cén contae ina bhfuil Gaeltacht Chonamara?
12. Céard is ainm don cheantar Gaeltachta atá i gContae na Mí?
13. Cén contae ina bhfuil ceantar Gaeltachta na Ceathrún Rua?
14. Cén contae a thosaíonn leis an litir ‘A’ agus a chríochníonn le ‘m’?
15. Cén contae a thosaíonn leis an litir ‘L’ agus a chríochníonn le ‘h’?
16. Cén contae ina bhfuil an Póirse Caoch?

17. Cén contae ina bhfuil **Sí an Bhrú** / *Newgrange*?

18. Cá bhfuil Pluaiseanna na hAille Buí?

19. Cén contae ina bhfuil Leabhar Cheanannais le feiceáil?

20. Cén contae ina bhfuil Loch Con?

21. Cén contae ina bhfuil baile Chaisleán an Bharraigh?

22. Cé acu d'oileáin Árann ar a bhfuil Dún Aonghasa suite?

23. Cén contae ina bhfuil Clochán an Aifir?

24. Cén contae ina bhfuil Gleann Dá Loch?

25. Cén contae ina bhfuil an Ómaigh?

26. Cén contae ina bhfuil Lios Dúin Bhearna?

27. Cén contae ina bhfuil Carraig na Siúire?

28. Cén contae ina bhfuil Muileann na Buaise?

29. Cén contae ina bhfuil Eamhain Mhacha?

30. Cén contae ina bhfuil Leitir Ceanainn?

31. Cén chathair ina bhfuil Iongcheárta Harland & Wolff?

32. Cén baile ina bhfuil ceannáras TG4?

33. Cén baile i gContae an Chláir ina bhfuil stáisiún hidrileictreachais?

34. Cé mhéad contae atá i gCúige Laighean?

# 10. Tráth na gceist

35. Cé mhéad contae atá in Éirinn san iomlán?

36. Cé mhéad contae atá i gCúige Mumhan?

37. Cé mhéad contae atá i gCúige Uladh?

38. Cé mhéad contae atá i gCúige Chonnacht?

39. Tá dhá chanáil mhóra in Éirinn. Luaigh iad.

40. Cén abhainn a ritheann trí Bhaile Átha Cliath?

41. Is as baile in Éirinn do shin-sin-sin-sin-seanathair Barack Obama. Cén baile in Éirinn atá i gceist?

42. Luaigh contae dúchais Enda Kenny?

43. Luaigh na trí loch mhóra ar an tSionainn.

44. Céard is ainm do na haibhneacha ar a nglaoitear na Triúr Deirfiúracha?

45. Tá sliabh i gContae Mhaigh Eo a bhfuil baint aige le Naomh Pádraig. Céard is ainm don sliabh sin?

46. Cén áit inar bhunaigh Naomh Ciarán mainistir sa bhliain 545 A.D?

47. Ainmnigh áit i gcontae Chill Dara a bhfuil ráschúrsa ann.

48. Cén leagan eile Béarla a bhí ar *County Offaly* tráth?

49. Cén leagan eile Béarla a bhí ar *County Laois* tráth?

50. Céard is ainm do phríomhshráid Chathair Bhaile Átha Cliath?